





**DARE TO
BELIEVE**



Allianz 

Clár Luachanna Oilimpeacha
Lámhleabhar Curaclaim do Bhunscoileanna



Fáilte,

A mhúinteoir, a chara, Tá luchtáir orainn Clár na mBunscoileanna Oilimpeacha, 'Creid Ionat Féin', a chur i láthair, a nuashonraíodh le déanaí.


Tá ár gcuraclam nua iontach bunaithe ar luachanna Oilimpeacha agus Parailimpeacha. Forbraíodh an curaclam i gcomhar lenár luchtchleasaithe agus le cabhair ó mhúinteoirí agus leanaí ar mhaith linn iad a spreagadh agus cabhrú leo. **Tá an curaclam á chur ar fáil againn do gach duine.**

Tríd an gcuraclam, is é an aidhm atá againn ná an tábhacht atá leis na rudaí seo a leanas a léiriú – do sheacht ndícheall a dhéanamh, spriocanna a shocrú, áthas na hiarrachta, cairdeas, freagracht shóisialta, intinn agus colainn fholláin, misneach, diongbháilteacht, freagracht, meas agus go leor leor eile. Baineann na luachanna seo go háirithe leis na luchtchleasaithe atá ag iarraidh a spriocanna a bhaint amach, ach baineann siad freisin le gach gné den saol do na daltaí. Tá níos mó ná spórt i gceist, baineann siad le hoideachas, le teaghlach agus le cairdeas.

Dhearamar an cúrsa agus an curaclam chun ábhar spráúil, saibhir, iontach a chur ar fáil daoibhse mar mhúinteoirí, agus do na daltaí óga nach bhfuil ach ag tosú ar a mbealach tríd an saol, rud atá tábhachtach. Is é an aidhm atá againn an spiorad Oilimpeach a thabhairt isteach sa seomra ranga agus samhlaíocht na ndaoine óga in Éirinn a spreagadh. Cén spreagadh a thabharfaidh sé seo do na glúnta atá le teacht, beidh le feiceáil.

Tá sé in am dóibh Creidiúint Ionu Féin.

Tá súil le Dia againn go mbeidh tionchar an-dearfach ag an togra seo ar do dhaltaí.



Peter Sherrard

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann

I.S. Fan linn go bhfeice tú na deiseanna atá ann chun iarratais a dhéanamh ar chuairteanna ó Oilimpigh agus ar imeachtaí Olympians LIVE! le linn na bliana, ina mbeidh deis agat éisteacht lenár luchtchleasaithe iontacha Éireannacha atá ina n-eiseamláir de luachanna Oilimpeacha gach lá.

Luachanna Oilimpeacha

Fealsúnacht 'Dare To Believe'

Ba iad luachanna bunaidh na hOilimpeachta, mar a léiríodh sa chéad Chairt Oilimpeach i 1908, ná 'iarracht a spreagadh', 'dínit an duine a chaomhnú' agus 'síocháin a fhorbairt'. Déanann na gluaiseachtaí Oilimpeacha agus Parailimpeacha cur síos anois ar a bpríomhluachanna mar luchtáir agus misneach na hiarrachta, meas ar dhaoine eile, cothrom na Féinne, tóir ar fheabhas, cothromaíocht intinne/coirp agus comhionannas deiseanna do chách.

Léirítear na prionsabail seo chomh maith inár bhfealsúnacht 'Dare To Be', is é sin:

- Déantar lúthchleasaithe Oilimpeacha agus Parailimpeacha, ní bheirtear iad.
- Baineann an spórt le gach duine mar is féidir le gach duine leas a bhaint as intinn agus coirp shláintiúla.
- Tá an chumhacht ag an spórt an domhan a athrú. Is féidir lenár lúthchleasaithe, mar eiseamláirí dearfacha, cabhrú leis an athrú sin a threorú.
- Ní bhaineann an Oilimpeacht agus an Pharailimpeacht le spórt amháin. Baineann siad le healaín, le cultúr agus le luachanna tábhachtacha cosúil le hobair foirne agus spiorad pobail.
- Is féidir leanaí a spreagadh chun 'Dare To Believe', chun a gcuid aislingí agus spriocanna a leanúint, ní hamháin sa spórt ach sa saol.
- Is modh é an spórt chun luachanna tábhachtacha a mhúineadh amhail meas, cairdeas, sármhaitheas, luchtáir na hiarrachta, misneach agus cothrom na Féinne.
- Tá ról ríthábhachtach ag an spórt sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus léirítear go mbíonn tionchar dearfach ag rannpháirtíocht sa spórt ar fholláine phearsanta, shóisialta agus shochoáioch.



CONAS A OIBRÍONN AN CLÁR



SAOR IN AISCE
AR FÁIL DO CHÁCH
SOLÚBTHA
TRASCHURACLAIM

Curaclam na Luachanna Oilimpeacha
agus na Folláine

Téigh Isteach Anois

Curaclam

CLÁRÚCHÁN

- 1 **Cláraigh**: Is féidir le múinteoirí n-ainmneacha a chur síos ar ár leathanach clárúcháin www.daretobelieve.ie/register

AN CURACLAM OILIMPEACH

- 2 **Téigh Isteach sna Modúil**: Téigh chuig Programmes-Primary, áit a bhfaigheann múinteoirí rochtain láithreach SAOR IN AISCE ar ár gcuraclam Luachanna Oilimpeacha 5 Fháinne. Oibríonn múinteoirí tríd na ceachtanna s'againn, ina bhfuil cuir i láthair, gníomhaíochtaí, tráth na gceist agus sosanna gluaiseachta. Cuirfimid tuilleadh ceachtanna leis seo!

ATHBHREITHNIÚ & TEASTAIS

- 3 **Grianghraif a Uaslódáil**: Uaslódálann múinteoirí grianghraif de ghníomhaíochtaí na ndaltaí



- 4 **Athbhreithniú**: Déanann múinteoirí athbhreithniú ar an gclár agus tugann siad aiseolas. ANSEO



- 5 **Teastais**: Is féidir le múinteoirí Teastas Luachanna Oilimpeacha a íoslódáil & iad a bhronnadh ar na daltaí atá ina n-eiseamláir de na luachanna!



CUIR ISTEACH AR CHUAIRT
SAOR IN AISCE
CUAIRT 1.5 UAIR AN CHLOIG
I LÁTHAIR GO PEARSANTA &
GO FÍORÚIL
100+ CUAIRT/BLIAIN

Cuairteanna ó Oilimpigh agus
Parailimpigh

Déan Iarratas Anois

Cuairteanna ó Oilimpigh

APPLICATION

- 1 **Déan Iarratas**: Is féidir le múinteoirí iarratas a dhéanamh ar chuairt ó ambasadóir anseo.
- 2 **Roghnúchán**: Bronntar na cuairteanna ag tús gach téarma scoile. Cuirfear scéala chuig scoileanna má éiríonn leo cuairt a fháil.

ULLMHÚCHÁN

AN CHUAIRT

ATHBHREITHNIÚ

Tuilleadh Eolais





ACHOIMRE DO BHUNSCOILEANNA

Is modúil spráíúla idirghníomhacha iad na Fáinní a chuireann beocht sna luachanna Oilimpeacha trí cheachtanna, gníomhaíochtaí, tráth na gceist agus sosanna gluaiseachta. Is féidir le múinteoirí iad a leanúint in ord nó an t-ord a mheascadh de réir mar is mian leo!

1

OILIMPEACHAS

Ceacht ar na Cluichí Ársa: Foghlaim faoi na Cluichí Oilimpeacha Ársa: Cá háit agus cén uair a bhí siad ann, na rialacha, na himeachtaí. Foghlaim faoin mana Oilimpeach.

Ceacht ar na Cluichí Comhaimseartha: Achoimre a thabhairt ar stair na gCluichí Comhaimseartha agus an tábhacht atá leis an stair sin sa lá atá inniu ann. Foghlaim eolas tábhachtach faoi na Cluichí Oilimpeacha.



2

BARR FEABHAIS

Ceacht ar Fhoireann na hÉireann: Plé a dhéanamh ar stair Fhoireann na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha. Éireannaigh a bhuaigh boinn ag na Cluichí Oilimpeacha a ainmniú & foghlaim faoi chuid de na spóirt Oilimpeacha is rathúla d'Éirinn.



3

MEAS

Ceacht ar na Cluichí Parailimpeacha: Achoimre a thabhairt ar stair na gCluichí Parailimpeacha agus an tábhacht atá leis an stair sin sa lá atá inniu ann. Na catagóirí sna Cluichí Parailimpeacha agus lúthchleasaithe Parailimpeacha na hÉireann a ainmniú.



4

CAIRDEAS

Ceacht ar Ealaín sa Spórt: An ról atá ag ealaíon agus dearadh sna Cluichí Oilimpeacha a shainaitint.



5

INTINN, COLAINN & SOCHAÍ FHOLLÁIN

Ceacht ar an Ról atá ag Spórt sa Sochaí: Plé a dhéanamh ar an ról tábhachtach atá ag spórt sa sochaí. Achoimre a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le spórt.





CLÁR LUACHANNA OILIMPEACHA

Tá rochtain saor in aisce agus sholúbtha ar an gcuraclam Luachanna Oilimpeacha Creid Ionat Féin, bain úsáid as chun ceachtanna ar leith a roghnú. Tá na gníomhaíochtaí deartha le haghaidh daltaí sóisir agus sinsir i mbunscoileanna. Priontáil an leathanach seo ar mhaithe le héascaíocht.



TAISPEÁIN IS INIS
Uaslódáil grianghraf de dhaltaí ag imirt an chluiche ar ár nGailearaí Creid Ionat Féin

Fáinne a hAon - Oilimpeachas

Na Cluichí Ársa



Cur i Láthair



Déan Bláthfhleasc Ghaisce Oilimpeach



Déan Stiallghreannán Oilimpeach

Gníomhaíochtaí



Tráth na gCeist



Sos Gluaiseachta

50-60 nóiméad
Stair & Béarla
Corpoideachas agus
na hAmharcealaíona

Naisc

Na Cluichí Comhaimseartha



Cur i Láthair



Déan Fáinní Oilimpeacha



Cum do Spórt Oilimpeach féin

Gníomhaíochtaí



Tráth na gCeist



Sos Gluaiseachta

50-60 nóiméad
Stair & Béarla
Corpoideachas agus
na hAmharcealaíona

Naisc

Fáinne a Dó – Barr Feabhais

Oilimpigh na hÉireann



Cur i Láthair



Leathanaigh dhathúcháin réalta na hÉireann



Mianta & Spriocanna Oilimpeacha



Déan cárta d'Oilimpeach nó de Pharailimpeach na hÉireann

Gníomhaíochtaí



Tráth na gCeist



Sos Gluaiseachta

50-60 nóiméad
Stair & Béarla
Corpoideachas agus
na hAmharcealaíona

Naisc

Fáinne a Trí – Meas

Na Cluichí Parailimpeacha



Cur i Láthair



Dearaí Oilimpeach nó Parailimpeach



Meaitseáil na laguithe

Gníomhaíochtaí



Tráth na gCeist



Sos Gluaiseachta

50-60 nóiméad Stair
& Béarla
Corpoideachas agus
na hAmharcealaíona

Naisc

Fáinne a Ceathair – Cairdeas

Ealaín sa Spórt



Cur i Láthair




Dearaí Oilimpeacha – Póstaer Oilimpeach, staid, bonn, lógó, sonóg, culaith



Scríobh amhrán, rap nó dán d'Fhoireann na hÉireann

Gníomhaíochtaí



Smísteoga Oilimpeacha



Sos Gluaiseachta

50-60 nóiméad Stair,
Béarla, Corpoideachas,
na hAmharcealaíona &
OSPS

Naisc

Fáinne a Cúig – Intinn, Colainn & Sochaí Fholláin

Spórt sa Sochaí



Cur i Láthair



Déan póstaer de na buntáistí a bhaineann le spórt



Scríobh litir chuig an Aire Oideachais ar lorg níos mó Corpoideachais

Gníomhaíochtaí



Wordles Oilimpeacha



Sos Gluaiseachta

50-60 mins
History & English
PE & Visual Arts

Naisc

Iarrtar ort aiseolas a thabhairt ar an gclár!



Maidir le Creid Ionat Féin

Tá Creid Ionat Féin urraithe ag an gCiste Dlúthpháirtíochta de chuid Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha agus ag Allianz. Is é an aidhm atá leis an gclár scoileanna seo ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann ná daoine óga na hÉireann a spreagadh le Creidiúint lontu Féin trí churaclam idirghníomhach a phléann na luachanna Oilimpeacha agus ina bhfuil cuairteanna ó rólchuspaí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Fhoireann na hÉireann a chuireann beocht sna luachanna sin. Seoladh an clár sa bhliain 2019, shroich sé níos mó ná 350k dalta trí na cláir agus na tionscnaimh éagsúla atá againn.

Rudaí eile!



CROÍCHLÁR DO SCOILEANNA

Curacdam Luachanna Oilimpeacha & cuairteanna ó Oilimpigh chuig Bhunscoileanna agus lar-bhunscoileanna

>100 cuairt in aghaidh na bliana



SOSANNA GLUAISEACHTA OILIMPÍ

Fiseáin sa seomra ranga do shosanna gluaiseachta le hOilimpigh

>280k
>9k múinteoir



OLYMPIANS LIVE!

Seimineáir ghréasáin le hOilimpigh & daltaí ar fud na hÉireann

>25k dalta



MÓRAONACH CORPOIDEACHAIS

Comórtas bunaithe ar Thionscadal Corpoideachais d'lar-bhunscoileanna

>1000 dalta



DÚSHLÁIN NA SCOILEANNA OILIMPEACHA

Dúshláin fhisiciúla agus chultúrtha fhíorúla

55k students

Spríoc Forbartha Inbhuanaithe

Féach thíos 6 Spríoc Forbartha Inbhuanaithe NA atá bainte amach sa chlár Creid Ionat Féin.



Tá cur chun cinn na sláinte agus na folláine i gcoiríl gach rud a dhéanann Creid Ionat Féin – scéalaíocht, curacdam, rólchuspaí, dúshláin



I measc na dtionscnaimh is déanaí uainn, tá oiriúnuithe do leanaí faoi mhíchumas agus leanaí ó chútraí éagsúla, agus tá lúthchleasaithe Parailimpeacha san áireamh freisin.



Tá go leor módúlachtaí inár gcuraclaim luachanna Oilimpeacha thraschuraclaim, agus cabhraíonn siad le caighdeáin oideachais na hÉireann a bhaint amach.



Cuireann ár dtionscnaimh ar fad luach Oilimpeacha an mheasa chun cinn, agus tá luach Parailimpeach an chomhionannais san áireamh le go leor acu.



Inár liosta reatha de 44 ambasadóir Oilimpeacha, tá fiche a dó fear (50%) agus fiche a dó ban (50%). Tá deiseanna á dtabhairt againn do lúthchleasaithe a gcuid scileanna a thógáil, agus tá ardán á thabhairt againn dóibh chun iad féin agus a spórt a chur chun cinn.



Chuamar le Bratach na Scoile Gníomhaí agus leis an Aire Stáit do Spórt agus Corpoideachas chun na Sosanna Gluaiseachta Oilimpeacha a leathadh amach. Táimid ag obair i gcomhpháirt PEXpo freisin, atá faoi stiúir múinteoirí.

Caighdeán Churaclam na hÉireann

Tá an clár seo deartha chun tacú le Curaclam Náisiúnta na Bunscoile in Éirinn, agus chun é a chur chun cinn. Chuamar i gcomhairle le múinteoirí chun a chinntiú go bhfuil an clár sothuigthe, agus go gcabhraíonn sé le múinteoirí a gcuid spriocanna a bhaint amach.

FÁINNE 1 – OILIMPEACHAS

Ábhar	Snáithe	Snáithaonad
Stair	Pobail agus sochaithe ársa	Na Gréagaigh
	Scéalaíocht	Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
Béarla	Teanga ó bhéal, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht	Cumarsáid, Tuiscint, Fiosrú agus Úsáid
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Líníochtaí a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
	Tógáil	Tógálacha a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
	Fabraic agus Snáithín	Cruthú le fabraic agus le snáithín, Breathnú agus freagairt
Corpoideachas	Lúthchleasaíocht	An lúthchleasaíocht a chiallú agus a léirthuisint
OSPS	Mise agus an domhan mór	Ag forbairt saoránachta

FÁINNE 2 – BARR FEABHAIS

Ábhar	Snáithe	Snáithaonad
Stair	Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart	An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith
	Scéalaíocht	Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
Béarla	Teanga ó bhéal, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht	Cumarsáid, Tuiscint, Fiosrú agus Úsáid
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Líníochtaí a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
Corpoideachas	Lúthchleasaíocht, Cluichí, Oiliúint uisce	An lúthchleasaíocht, cluichí agus oiliúint uisce a chiallú agus a léirthuisint
OSPS	Mise agus an domhan mór	Ag forbairt saoránachta
	Mise	Féinaithne, Ag déanamh cinntí

FÁINNE 3 - MEAS

Ábhar	Snáithe	Snáithaonad
Béarla	Teanga ó bhéal, Léitheoireacht, Scribhneoireacht	Cumarsáid, Tuiscint, Fiosrú agus Úsáid
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Líníochtaí a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
	Tógáil	Tógálacha a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
	Fabraic agus Snáithín	Cruthú le fabraic agus le snáithín, Breathnú agus freagairt
Corpoideachas	Lúthchleasaíocht, Cluichí	An lúthchleasaíocht agus cluichí a chiallú agus a léirthuisint
OSPS	Mise agus an domhan mór	Ag forbairt saoránachta
	Mise	Féinaithne
	Mise agus daoine eile	Caidreamh le daoine eile, Mo chairde agus daoine eile

FÁINNE 4 – CAIRDEAS

Ábhar	Snáithe	Snáithaonad
Béarla	Teanga ó bhéal, Léitheoireacht, Scribhneoireacht	Cumarsáid, Tuiscint, Fiosrú agus Úsáid
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Líníochtaí a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
	Tógáil	Tógálacha a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
	Fabraic agus Snáithín	Cruthú le fabraic agus le snáithín, Breathnú agus freagairt
	Péint agus dath	Péinteáil, Breathnú agus freagairt
Stair	Scéalaíocht	Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
Corpoideachas	Lúthchleasaíocht	An lúthchleasaíocht agus cluichí a chiallú agus a léirthuisint
OSPS	Mise agus an domhan mór	Ag forbairt saoránachta
	Mise	Féinaithne
	Mise agus daoine eile	Caidreamh le daoine eile, Mo chairde agus daoine eile
Ceol	Cumadóireacht	Tobchumadh agus cruthú

FÁINNE 5 - INTINN, COLAINN & SOCHAÍ FHOLLÁIN

Ábhar	Snáithe	Snáithaonad
Béarla	Teanga ó bhéal, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht	Cumarsáid, Tuiscint, Fiosrú agus Úsáid
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Líníochtaí a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
	Péint agus dath	Péinteáil, Breathnú agus freagairt
Corpoideachas	Lúthchleasaíocht	An lúthchleasaíocht agus cluichí a chiallú agus a léirthuiscint
OSPS	Mise agus an domhan mór	Ag forbairt saoránachta
	Mise	Féinaithne, Ag tabhairt aire do mo chorp, Ag déanamh cinntí
	Mise agus daoine eile	Caidreamh le daoine eile, Mo chairde agus daoine eile
Eolaíocht	Dúile beo	An bheatha dhaonna

“Education is not the filling of a pail,
but the lighting of a fire.”

William Butler Yeats

Déan Teagmháil

Inis dúinn conas atá ag éirí leat, clibeáil ar na meáin shóisialta muid (@team_ireland_olympic) chun pictiúir & do dhul chun cinn a roinnt, nó cuir aon cheist atá agat chuig info@daretobelieve.ie

Creidiúintí

Cruthaithe ag Róisín McGettigan-Dumas, Róisín Jones agus Sophie Hegarty. Buíochas ar leith leis an dearthóir Myles Dumas agus an múinteoir Catherine O'Hara. Maoinithe ag CICO agus Allianz.



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

